# TUAIRISC AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2010

OLLSCOIL LUIMNIGH

TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA AIRGEADAIS

## 1 RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2010 de réir na formáide comhchuibhithe seo a aontaíodh go stairiúil atá forbartha i gcomhar ag na hollscoileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus an t-Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste.

Tá sraith ráiteas airgeadais, bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta (GAAP) á n-ullmhú chomh maith don bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2010, a ionchorpraíonn gníomhaíochtaí fhochuideachtaí na hOllscoile, mar aon leis an ioncam agus leis an gcaiteachas lárnach atá leagtha amach sa tsraith ráiteas airgeadais seo.

## 2 IONCAM ATARLAITHE

Tháinig ardú ar ioncam ó €117.63 milliún go dtí €119.39 milliún, a léiríonn fás suntasach de 1.5% ar an bhliain roimhe sin.

Tháinig laghdú ar dheontais Stáit ó €55.59 go dtí €48.66 milliún, laghdú de 12.5%, fad is tháinig ardú 14.1% ó €55.84 milliún go €63.69 milliún ar ioncam ó tháillí mac léinn, léiriú ar chinneadh an Stáit muirear seirbhíse mac léinn a ardú go suntasach agus laghdú dá réir a dhéanamh ar dheontas an Stáit.

Tháinig ardú ó €6.20 milliún go €7.04 milliún ar ioncam ó fhoinsí eile, sin ardú de 13.6% mar thoradh ar arduithe ar ioncam ó tháillí mac léinn nach mic léinn AE iad agus ioncam úis.

## 3 CAITEACHAS AR SHEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS AR SHEIRBHÍSÍ GAOLMHARA

Thit caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara ó €118.70 milliún go €115.77 milliún, laghdú de 2.5%. Laistigh de sin thit costais pá 4.6% mar thoradh ar chiorruithe pá de idir 5% agus 15% a chuir an Stát i bhfeidhm ar gach oibrí san earnáil phoiblí le héifeacht an 1 Eanáir 2010, agus dá bhrí sin bhí tionchar aige sin ar 9 mí caiteachais sna ráitis airgeadais. Is ionann pá agus 68% den chaiteachas sin (2009: 69%). Ina dhiaidh sin féin baineann 76% den chaiteachas iomlán ar phá, gan pinsean san áireamh le Coláistí agus Ranna. (2009: 76%).

## 4 TAIGHDE CONARTHA AGUS TIONSCADAIL FÉINMHAOINITHE EILE

Tháinig laghdú de 17.9% ó €31.02 milliún go €25.47 milliún ar ioncam Taighde Conartha le linn na bliana faoi athbhreithniú. I ndiaidh roinnt blianta fáis, is díol imní an t-athrú seo agus léiríonn sin an deacracht a bhaineann le tionscadail taighde a mhealladh sna coinníollacha eacnamaíocha atá ann faoi láthair.

Tháinig laghdú de 3.6% ó €17.69 milliún go €17.06 milliún ar chaiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe, arís léiriú ar an tionchar diúltach atá ag an timpeallacht eacnamaíoch reatha ar fhócas na hOllscoile cur le hioncam nach ioncam Stáit é.

## 5 CLÁR CAIPITIL

B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile is €29.1 milliún i rith na bliana, bhain €3.9 milliún le trealamh, agus bhain an t-iarmhéid le talamh agus foirgnimh.

Caitheadh €5.5 milliún i rith na bliana ar fhoirgneamh nua d'Acadamh Domhanda na hÉireann Ceoil agus Damhsa ar thaobh an Chláir den champas a hosclaíodh go hoifigiúil i Meán Fómhair 2010. Cuirfidh an foirgneamh nua seo spás iontach ar fáil do cheoltóirí, do dhamhsóirí, do chumadóirí, d'amhránaithe, do stiúrthóirí agus do chóragrafaithe ar bhruach na habhann. Ar na tionscadail eile a ndearnadh dul chun cinn orthu i rith na bliana bhí an Foirgneamh Scoile Liachta do Chéimithe agus Áras Cónaithe na Scoile Liachta agus Foirgneamh Tierney ina mbeidh Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí (Lero) lonnaithe chomh maith le hIonad Cothaithe Tierney.

Tá clár forbartha fisiceach na hOllscoile á chur i bhfeidhm go rathúil mar gheall ar an maoiniú suntasach atá á chur ar fáil don Ollscoil ó fhoinsí príobháideacha i gcomhpháirtíocht le maoiniú Stáit.

## 6 CONCLÚID

Léiríonn toradh airgeadais ar an mbliain faoi athbhreithniú farrasbarr de €3.62m agus laghdú san easnamh carnach go dtí €2.04m. Rinneadh ciorruithe suntasacha i réimsí pá agus réimsí nár bhain le pá agus glacadh cur chuige forghníomhach maidir le ioncam nach ioncam Stáit é a ghiniúint agus a choinneáil. In ainneoin na nithe sin, bhain an farrasbarr sa bhliain airgeadais reatha le maoiniú suntasach aon-uaire a fuarthas le linn na bliana.

Tá dushláin shuntasacha fós ag baint leis an timpeallacht airgeadais ina bhfuil an Ollscoil ag feidhmiú chun na torthaí comhordaithe a bhaint amach mar nach féidir go leor de na ciorruithe a rinneadh anuraidh a dhéanamh arís ar bhun leanúnach gan tionchar mór a bheith acu ar chaighdeán thaithí na mac léinn san Ollscoil. Tá an Ollscoil tiomanta toradh comhordaithe a bhaint amach don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011 agus tosóidh sí ag féachaint le deireadh a chur leis an easnamh carntha atá fanta.

**John Field**
**Stiúrthóir Airgeadais**
**3 Márta 2011**

**Ráiteas faoi Fhreagrachtaí**

Tá iallach ar an Ollscoil faoin gcomhaontú ar ghlac Ollscoileanna uile na hÉireann um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais leis na ceartchuntais gnáthacha ar fháltas agus ar chaiteachas airgid, ar chibé bealach ina n-éilíonn an Comhaontú.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Ollscoil;

- Polasaithe oiriúnacha atá ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais a roghnú agus a fheidhmiú go rianúil;
- Cinnte agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leantach mura bhfuil an bonn sin míchuí;

Tá an Ollscoil freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a léireoidh am ar bith stáid airgeadais na hOllscoile agus a aclaíonn é le deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaítear a chuid ráiteas airgeadais ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais. Tá an Ollscoil freagrach chomh maith as cosaint na sóchmhainní uile faoina rialú agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus ainrialtacht eile a chosc nó a bhaint amach.

Ullmhófar tacar ar leith ráiteas airgeadais le géilleadh do agus le teacht leis na gnáthphrionsabail cuntasóireachta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus sa R.A ar a shon gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don Údarás um Ard-Oideachas ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais.

D'ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht le téarmaí an ráitis freagrachta thuas agus dhein PricewaterhouseCoopers, iniúchóirí bainistíochta na hOllscoile iniúchadh orthu.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste is iniúchóir reachtúil don Ollscoil.

Thar ceann na hOllscoile

| | |
|---|---|
| Uachtarán | An Stiúrthóir Airgeadais |

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1. Ráitis Airgeadais

Léiríonn na ráitis airgeadais gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara na hOllscoile.

### 2. An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil talún agus foirgneamh a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir Armónú reatha Chomhaontú Cuntas Airgeadais a ghlacann Ollscoileanna na hÉireann ar fad. Ullmhófar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2009 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i bhformáid nua ar bhunús comhdhlúite agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

### 3. Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe

Aithnítear Deontais Atarlaithe ar bhonn fabhraithe.
Áirítear Deontais Atarlaithe sa Chúlchiste Ginearálta, a úsáideadh chun sócmhainní dochta a cheannach agus chun cuid chaipitil de na muirir léasa a mhaoiniú.

### 4. Deontais do Chaiteachas Caipitil

Áirítear Deontais Stáit agus Eile do chaiteachas caipitil sna ráitis airgeadais den tréimhse ag brath ar an méid airgid tirim a fuarthas.

### 5. Ioncam ó Tháillí

Déantar ioncam ó tháillí a chuntasú ar bhonn fabhraithe agus tuairiscítear ag leibhéil táillí an AE. Áirítear ioncam ó tháillí Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi Ioncam Eile. Áirítear aon ní breise eile os cionn an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí sna Cúlchuistí Srianta.

### 6. Ioncam Eile

Áirítear in Ioncam Eile muirear a thabhaítear ar thionscadail caipitil ar leith i ndáil leis an ioncam ó ús a fuair an Ollscoil cheana féin trí na tionscadail sin a mhaoiniú óna cistí féin. Toibhítear an muirear bunaithe ar an meán ráta úis a shaothraíonn an Ollscoil ar na taiscí agus bíonn sé mar chuid de chostas foriomlán an tionscadail chuí.

### 7. Leithroinntí Ceadaithe

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

i) Caiteachas neamhphá ranna acadúla agus ranna seirbhísí ar leith.
ii) Trealamh Ranna agus Mion-oibreacha.

Sna cásanna sin tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Chomhardaithe faoi Shócmhainní Reatha nó Dliteanais, mar is cuí.

**8. Sócmhainní Dochta agus Dímheas**

Luacháladh talamh ar an úsáid reatha a baineadh as amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag luach €126,974 in aghaidh an acra. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas.

Luacháiltear Foirgnimh, a fuarthas agus a tógadh roimh 1 Deireadh Fómhair 1998, ar bhunús úsáid reatha ag costas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach slat cearnach. Luacháiltear foirgnimh, a raibh cuid acu tógtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag an gcostas iarbhír. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas. Dímheastar gach foirgneamh mar atá luaite thíos.

Nuair a bhaineann le hábhar, ní dhéantar caipitlú mar chuid de na sócmhainní sin na costais airgeadais a bhaineann go díreach le tógáil talún agus foirgneamh. Más léir ó imeachtaí nó ó athruithe ar chúinsí nach mbeadh suim iompair sócmhainn seasta in-aisghábhála déantar athbhreithniú ar lagú na sócmhainne sin.

Léirítear Trealamh, Daingneáin agus Fearais ag costas lúide carnú dímheasa. Déantar díscríobh go dtí an cuntas ioncam agus caiteachais sa bhliain ina bhfaightear iad ar mhíreanna trealaimh a chosnaíonn níos lú ná €25,000 an ceann.

Tá saol úsáideach measta sócmhainní dochta le tagairt don dímheas a ríomhtar faoin modh dronlíneach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain |
| Trealamh agus Troscán | 10 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Sócmhainní ar Léas | 5 bliain nó tréimhse an léasa má bhíonn sin níos lú |

Áirítear leis na méideanna athluacháilte foirgnimh ar leith, a mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an chéad uair.

**9. Caiteachas Caipitil a fhaightear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc**

Muirearítear Caiteachas Caipitil, a mhaoinítear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc, in aghaidh ioncaim sa bhliain a tabhaíodh an caiteachas. Cuirtear an caiteachas chun sochair an Chúlchiste Ghinearálta freisin, a léirítear mar chuid de Shócmhainní Dochta agus dímheastar é de réir an Bheartais Chuntasaíochta atá léirithe thuas.

**10. Sócmhainní ar Léas**

Áirítear costas Sócmhainní Dochta a fuarthas faoi léasanna airgeadais i Sócmhainní Dochta agus díscríobhtar thar saol úsáideach na sócmhainní ag na rátaí atá leagtha amach sa bheartas thuas, nó thar thréimhse an léasa, cibé is lú.

**11. Cúlchiste Ginearálta**

Seasann an Cúlchiste Ginearálta do luach maoinithe, tar éis amúchta, a fheidhmítear do chríocha caipitil in éineacht leis an gcúlchiste a ghintear ar athluacháil foirgnimh agus an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha.

**12. Deontais agus Tionscadail Taighde**

Léirítear caiteachas taighde conartha glan ó ranníoc do chostais indíreacha. Áirítear ioncam ó dheontais taighde conartha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an méid a thabhaítear an caiteachas gaolmhar. Áirítear ranníoc taighde conartha do chostais indíreacha na hOllscoile agus áirítear iad in Ioncam Eile.

**13. Stoic**

Luaitear stoic ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

**14. Pinsin**

Bronnann Ollscoil Luimnigh Scéim Aoisliúntais sochair aoisliúntais a cheadaítear. Bíonn na scéimeanna, a sholáthraíonn sochair shainmhínithe, neamhmhaoinithe agus faightear sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Dá réir sin, ní sholáthraíonn na ráitis airgeadais do dhliteanais na hOllscoile i ndáil le ranníoca a dhéanann comhaltaí na scéime nó do dhliteanas aoisliúntais achtúireach do chomhaltaí na scéime. Níor glacadh le ceanglais nochtaithe an chaighdeáin chuntasaíochta FRS17 'Sochair Scoir', a eisíodh le déanaí, sna ráitis airgeadais sin a chuirtear i láthair de réir na formáide 'Armónú Cuntas' arna nglacadh ag gach Ollscoil Éireannach. Baineann ciallachais ag FRS 17 don Earnáil Phoiblí go ginearálta, ciallachais atáthar ag déanamh machnamh orthu faoi láthair.

**15. Airgeadra Coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amhail an dáta ar an gClár Comhardaithe. Déileáiltear leis na brábúis nó caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu ain laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**16. Cánachas**

Níl aon fhoráil déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

**17. Seirbhísí Coimhdeacha**

Is éard is Seirbhísí Coimhdeacha ann ná seirbhísí a sholáthraítear ar an gcampus, ar bhonn aisghabháil costais agus a bhíonn leagtha amach le cothromú amach sa mheánthéarma. Aistrítear an glan aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gCúlchiste Ginearálta.

**18. Cúlchistí Srianta**

Áirítear le Cúlchistí Srianta an chuid neamhúsáidte de chistí a chuirtear ar fáil don Ollscoil do chríocha sainmhínithe.

**19. Coláiste Mhuire Gan Smál**

De réir an meabhrán tuisceana idir an Ollscoil agus Coláiste Mhuire Gan Smál, a leagann amach téarmaí an naisc idir an dá institiúid, aistrítear cistí a fhaigheann an Ollscoil thar ceann Coláiste Mhuire Gan Smál láithreach tar éis iad a fháil.

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Stáit | 1 | 48,658 | 55,591 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 63,692 | 55,838 |
| Ioncam Eile | 3 | 7,041 | 6,200 |
| | | 119,391 | 117,629 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 42,533 | 48,710 |
| | | 161,924 | 166,339 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 21,079 | 21,397 |
| Táillí Mac Léinn | | 9,693 | 9,408 |
| Lúide an méid a aistríodh chuig Coláiste | | (30,772) | (30,805) |
| **Iomlán** | | **161,924** | **166,339** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláistí agus Ranna | 5 | 65,686 | 67,741 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 10,164 | 11,144 |
| Áitreabh | 7 | 12,755 | 12,684 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 8 | 1,591 | 1,487 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 9 | 10,862 | 10,449 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 1,935 | 1,946 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 3,783 | 3,955 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 8,994 | 9,293 |
| | | 115,770 | 118,699 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 42,533 | 48,710 |
| **Iomlán** | 13 | **158,303** | **167,409** |
| **Easnamh ar ghníomhaíochtaí roimh amúchadh ar Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Dochta** | | **3,621** | **(1,070)** |
| (Easnamh)/Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha | 14 | **(153)** | **97** |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 15 | **(10,743)** | **(10,327)** |
| Gluaiseacht Cúlchiste Ginearálta | 16 | **10,896** | **10,230** |
| **BARRACHAS/(EASNAMH) GLAN don bhliain** | 24 | **3,621** | **(1,070)** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

**RÁITEAS GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN** **DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| BARRACHAS/(EASNAMH) don bhliain | 3,621 | (1,070) |
| **Iomlán gnóthachain agus caillteanais aitheanta a bhaineann leis an mbliain** | **3,621** | **(1,070)** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

**CLÁR COMHARDAITHE** **AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 356,899 | 339,157 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 6,274 | 18,800 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 60,989 | 55,108 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 15,350 | 14,097 |
| | | 76,339 | 69,205 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe | 21 | (83,680) | (81,421) |
| **GLANDHLITEANAIS REATHA** | | (7,341) | (12,216) |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | |
| Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin | 27 | (13,197) | (14,425) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **342,635** | **331,316** |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 320,330 | 312,864 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 24,345 | 24,113 |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | (2,040) | (5,661) |
| | | **342,635** | **331,316** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

| | NÓTAÍ | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **25** | 14,335 | 27,906 |
| **AISCHUR Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS** | | | |
| (Glan) Ús Faighte | | 1,669 | 1,518 |
| **CAITEACHAS CAIPITIL** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a fháil | | (29,090) | (44,696) |
| Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Dochta Inláimhsithe | | - | 33 |
| **(EIS-SREABHADH) AIRGID ROIMH AIRGEADÚ** | | (13,086) | (15,239) |
| **AIRGEADÚ** | | | |
| Deontais Chaipitil HEA | | 7,490 | 15,674 |
| Neamhfháltais Caipitil HEA | | 11,477 | 11,571 |
| **INSREABHADH AIRGID Ó AIRGEADÚ** | | 18,967 | 27,245 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID TAR ÉIS AIRGEADÚ** | | 5,881 | 12,006 |
| **MÉADÚ IN AIRGEAD TIRIM AGUS CÓIBHÉISEACHA** | **28** | 5,881 | 12,006 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

**NÓTA 1**

**DEONTAIS STÁIT**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas Atarlaithe | 38,916 | 44,921 |
| Deontas Pinsin | 8,947 | 9,293 |
| Sprioc-Mhaoiniú do Thionscnaimh Speisialta | 720 | 1,302 |
| Mion-oibreacha | 75 | 75 |
| **Iomlán** | **48,658** | **55,591** |

**NÓTA 2**

**TÁILLÍ MAC LÉINN**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Mac Léinn | 62,681 | 54,935 |
| Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheach | 1,011 | 903 |
| **Iomlán** | **63,692** | **55,838** |

**Nóta 3**

**IONCAM EILE**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte (Glan) | 1,716 | 1,518 |
| Poist Maoinithe | 0 | 21 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe Ranníoca | 1,613 | 1,693 |
| Táillí Neamh AE | 3,712 | 2,967 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **7,041** | **6,200** |

**NÓTA 4**

**CLÁIR THAIGHDE AR CHONRADH AGUS TOGRAÍ EILE FÉINCHISTITHE**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 25,472 | 31,017 |
| Tograí Eile Féinchistithe | 17,061 | 17,693 |
| **Iomlán** | **42,533** | **48,710** |

**NÓTA 5**

**COLÁISTÍ AGUS RANNA**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Acadúil | 43,031 | - | 43,031 | 45,374 |
| Teicniúil | 3,435 | - | 3,435 | 3,643 |
| Tacaíocht Riaracháin | 5,949 | - | 5,949 | 6,136 |
| Amhábhair agus Speansais | (13) | 13,222 | 13,209 | 12,509 |
| Ilghnéitheach | - | 62 | 62 | 79 |
| **Iomlán** | **52,402** | **13,284** | **65,686** | **67,741** |

**NÓTA 6**

**SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS EILE**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Leabharlann | 2,212 | 2,146 | 4,358 | 4,879 |
| Teicneolaíocht an Eolais | 2,513 | 1,089 | 3,602 | 3,874 |
| Oideachas Comhoibritheach agus an Rannán Gairme | 1,099 | 1,105 | 2,204 | 2,391 |
| **Iomlán** | **5,824** | **4,340** | **10,164** | **11,144** |

**NÓTA 7**

**ÁITREABH**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothú Áitribh | 1,820 | 4,009 | 5,829 | 5,732 |
| Seirbhísí Ginearálta | 108 | 4,053 | 4,161 | 3,896 |
| Mion-Oibreacha | - | 286 | 286 | 422 |
| Árachas | - | 437 | 437 | 426 |
| Costais Fhuinnimh | - | 2,042 | 2,042 | 2,208 |
| **Iomlán** | **1,928** | **10,827** | **12,755** | **12,684** |

**NÓTA 8**

**MÉID LEITHROINNTE DO CHRÍOCHA CAIPITIL**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tionscadail Chaipitil | - | 1,410 | 1,410 | 1,416 |
| Trealamh | - | 181 | 181 | 71 |
| **Iomlán** | **-** | **1,591** | **1,591** | **1,487** |

**NÓTA 9**

**LÁR RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Foireann | 6,523 | - | 6,523 | 6,461 |
| Seirbhísí agus Amhábhair | - | 3,953 | 3,953 | 3,462 |
| Muirir Ghairmiúla | - | 30 | 30 | 30 |
| Ilghnéitheach | 6 | 350 | 356 | 496 |
| **Iomlán** | **6,529** | **4,333** | **10,862** | **10,449** |

**NÓTA 10**

**CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Speansais Scrúdaithe | 266 | 217 | 483 | 528 |
| Scoláireachtaí/ Deontais/Tarscaoileadh | - | 736 | 736 | 611 |
| Costais Ilghnéitheacha | 239 | 477 | 716 | 807 |
| **Iomlán** | **505** | **1,430** | **1,935** | **1,946** |

**NÓTA 11**

**SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontais Chaipitlíochta agus Eile | - | 1,014 | 1,014 | 970 |
| Spóirt agus Áinéas | 489 | 98 | 587 | 663 |
| Sláinte agus Comhairleoireacht | 749 | 42 | 791 | 853 |
| Seirbhísí Pearsanra Mac Léinn | 952 | 439 | 1,391 | 1,469 |
| **Iomlán** | **2,190** | **1,593** | **3,783** | **3,955** |

**NÓTA 12**

**CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pinsin | 8,994 | - | 8,994 | 9,293 |
| **Iomlán** | **8,994** | **-** | **8,994** | **9,293** |

**NÓTA 13**

**COMHDHÉANAMH AN CHAITEACHAIS IOMLÁN**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Acadúla agus Gaolmhara | 78,371 | 37,398 | 115,769 | 118,699 |
| Taighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 20,264 | 22,270 | 42,534 | 48,710 |
| **Caiteachas Iomlán** | **98,635** | **59,668** | **158,303** | **167,409** |

**NÓTA 14**

**SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA**

| | Ioncam | Caiteachas | 2010 Barrachas / (Easnamh) | 2009 Barrachas / (Easnamh) |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Seirbhísí Athghrafacha | 209 | (369) | (160) | 62 |
| An tIonad Náisiúnta Oiliúna agus Traenála | 1,821 | (1,797) | 24 | 70 |
| Ionad Gníomhaíochta Killaloe | 378 | (395) | (17) | (35) |
| **Gluaiseacht ar Sheirbhísí Coimhdeacha** | **2,408** | **(2,561)** | **(153)** | **97** |

**NÓTA 15**

**DÍMHEAS AR SHÓCMHAINNÍ DOCHTA**

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Talamh agus Foirgnimh | 7,553 | 7,049 |
| Trealamh | 3,190 | 3,278 |
| **Iomlán** | **10,743** | **10,327** |

**NÓTA 16**

**GLUAISEACHT CÚLCHISTÍ GINEARÁLTA**

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas | 10,743 | 10,327 |
| Easnamh/(Barrachas) Seirbhísí Coimhdeacha chuig an gCuntas Cúlchiste Ginearálta | 153 | (97) |
| **Iomlán** | **10,896** | **10,230** |

**NÓTA 17**

| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Talamh & Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Sócmhainní ar léas €'000 | 2010 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2009** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 188,448 | 42,845 | 918 | 232,211 |
| | **378,756** | **42,845** | **918** | **422,519** |
| **Breiseanna:** | | | | |
| Breiseanna | 25,173 | 3,917 | - | 29,090 |
| Diúscairtí | - | (3,871) | (167) | (4,038) |
| | 25,173 | 46 | (167) | 25,052 |
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2010** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 213,621 | 42,891 | 751 | 257,263 |
| **Iomlán** | **403,929** | **42,891** | **751** | **447,571** |
| **Dímheas** | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2009** | (56,078) | (26,366) | (918) | (83,362) |
| Diúscairtí | - | 3,266 | 167 | 3,433 |
| Dímheas don bhliain | (7,553) | (3,190) | - | (10,743) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2010** | **(63,631)** | **(26,290)** | **(751)** | **(90,672)** |
| **Glan Luach Leabhair 2009** | **322,678** | **16,479** | **-** | **339,157** |
| **Glan Luach Leabhair 2010** | **340,298** | **16,601** | **-** | **356,899** |

**NÓTA 18**

**INFHEISTÍOCHTAÍ**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí | 6,274 | 18,800 |
| **Iomlán** | **6,274** | **18,800** |

Go príomhúil, áirítear ar na méideanna seo cistí a chuirtear i dtaisce ar bhonn méantéarmach/fadtéarmach i ndáil le tionscadail chaipitil sainiúla. Luaitear na méideanna seo ag costas.

**NÓTA 19**

**FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh & Tograí Eile Féinchistithe | (552) | (987) |
| Iarmhéideanna Féichiúnaithe | 3,369 | 2,013 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí eile | 12,533 | 13,071 |
| **Iomlán** | **15,350** | **14,097** |

**NÓTA 20**

**IONCAM CAIPITIL AGUS CAITEACHAS CHAIPITIL**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| **IONCAM** | | |
| Deontas ó HEA | 7,490 | 15,674 |
| Deontais ó Dheontóirí Príobháideacha | 5,069 | 2,298 |
| Ioncam Caipitil - Foinsí Eile | 4,817 | 7,786 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Reatha | 1,591 | 1,487 |
| **Iomlán** | **18,967** | **27,245** |
| **CAITEACHAS** | | |
| Talamh/Foirgnimh | 25,173 | 38,826 |
| Trealamh | 3,917 | 5,870 |
| **Iomlán** | **29,090** | **44,696** |
| **Easnamh don bhliain** | (10,123) | (17,451) |
| **Easnamh ag tús na bliana** | (26,627) | (9,176) |
| **Easnamh ag deiridh na bliana** | **(36,750)** | **(26,627)** |

## NÓTA 21

### CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 33,765 | 28,199 |
| Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe a fuarthas roimh ré. | 2,880 | 4,641 |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 16,376 | 16,130 |
| Iasachtaí Bainc (Nóta 27) | 1,677 | 1,512 |
| Creidiúnaithe agus Fabhraithe eile | 28,982 | 30,939 |
| **Iomlán** | **83,680** | **81,421** |

Tá €9.452m (2009: €6.385m) san áireamh i gCreidiúnaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2010 i ndáil le tiomantais fhabhraithe do chaiteachas neamhphá i Ranna Acadúla agus i Seirbhísí Leabharlann.

## NÓTA 22

| **Cúlchiste Ginearálta** | **2009 Iarmhéid Tosaigh €'000** | **Gluaiseacht Bliain Reatha €'000** | **2010 Iarmhéid Deiridh €'000** |
|---|---|---|---|
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 157,328 | - | 157,328 |
| Trealamh Taighde | 17,318 | 247 | 17,565 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 114,283 | 7,490 | 121,773 |
| Aistriú Maoiniú Atarlaithe | 36,470 | 1,591 | 38,061 |
| Deonacháin Chaipitil | 70,159 | 5,408 | 75,567 |
| Eile | 668 | 40 | 708 |
| | **396,226** | **14,776** | **411,002** |
| Amúchadh | | | |
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 5,221 | - | 5,221 |
| Trealamh Taighde | (2,881) | - | (2,881) |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas Sócmhainní | (115,749) | (10,743) | (126,492) |
| Lúide Amúchadh Carntha ar Dhiúscairtí | 30,047 | 3,433 | 33,480 |
| **Iomlán** | **312,864** | **7,466** | **320,330** |

## NÓTA 23

### CÚLCHISTÍ SRIANTA

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 24,113 | 23,686 |
| Ús ó Tobhaigh Mac Léinn agus Ioncam Eile (Glan) | 232 | 427 |
| **Iarmhéid amhail deiridh na bliana** | **24,345** | **24,113** |

Áirítear leis na cistí sin airgead a leithroinn an Ollscoil chun raon forbairtí caipitil a mhaoiniú lena n-áirítear Foirgneamh Il-chríocha Spóirt agus Ionad Mac Léinn

**NÓTA 24**

**CÚLCHISTE IONCAIM**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | (5,661) | (4,591) |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 3,621 | (1,070) |
| **Iarmhéid amhail dheiridh na bliana** | **(2,040)** | **(5,661)** |

**NÓTA 25**

**GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 3,621 | (1,070) |
| Lúide Ús Infhaighte (Glan) | (1,669) | (1,518) |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 10,743 | 10,327 |
| Amúchadh Cúlchistí Ginearálta | (10,743) | (10,327) |
| (Easnamh)/Barrachas i Seirbhísí Coimhdeacha | (153) | 97 |
| Laghdú/(Méadú) ar Infheistíochtaí | 12,526 | (292) |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí | (1,253) | 15,360 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhruithe | 2,259 | 16,010 |
| (Laghdú) ar Dhliteanais Fad-Téarmacha | (1,228) | (1,108) |
| Méadú ar Chúlchistí Srianta | 232 | 427 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **14,335** | **27,906** |

**NÓTA 26**

**ANAILÍS AR ATHRUITHE I NGLAN-CHISTÍ**

| | Amhail an 30 Meán Fómhair 2009 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Amhail an 30 Meán Fómhai 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | 55,108 | 5,881 | 60,989 |
| Iasachtaí Bainc | (15,937) | 1,063 | (14,874) |
| **Iomlán** | **39,171** | **6,944** | **46,115** |

**NÓTA 27**

**IASACHTAÍ BAINC**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 21) | 1,677 | 1,512 |
| Dlite i níos mó ná bliain amháin, ach nach mó ná dhá bhliain | 1,356 | 1,227 |
| Dlite i níos mó ná dhá bhliain, ach nach mó ná cúig bliana | 3,350 | 3,801 |
| Dlite i níos mó ná cúig bliana | 8,491 | 9,397 |
| Iomlán dlite i níos mó ná bliain amháin | 13,197 | 14,425 |
| **Iomlán** | **14,874** | **15,937** |

Tá na hiasachtaí thuas faoi ualach úis ach níl aon urrús ceangailte leis na hiasachtaí sin.

**NÓTA 28**

**ANAILÍS AR NA HATHRUITHE IN AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHÓIBHÉISEACHA AIRGID TIRIM**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 55,108 | 43,102 |
| Glan-Insreabhadh Airgid | 5,881 | 12,006 |
| **Iarmhéid ag deiridh na bliana** | **60,989** | **55,108** |

**NÓTA 29**

**PINSEAN**

Muirearítear pá agus tuarastail glan ó ranníoca pinsin fostaithe (ba iad na ranníoca iomlán mar sin sa tréimhse ná €4.542m (2009: €4.633m) agus íoctar sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Bhí luach €8.947m (2009: €9.293m) i bpinsin a íocadh sa bhliain a áireamh i gcaiteachas ilghnéitheach.

**NÓTA 30**

**TIOMANTAIS CHAIPITIL**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Ar Chonradh amhail an 30 Meán Fómhair | 18,522 | 11,099 |
| Údaraithe ach gan conradh amhail an 30 Meán Fómhair | 0 | 24,745 |

Tá tiomantais ag an Ollscoil ag teacht as foirgnimh áirithe atá maoinithe ag airgeadú cáin-bhunaithe le luach €817k laistigh den tréimhse 1 blian.

**NÓTA 31**

**DLITEANAS TEAGMHASACH**

Ní raibh aon dhliteanais theagmhasacha ann amhail an dáta ar an gclár comhardaithe.

## NÓTA 32

## PÁIRTITHE GAOLMHARA

Oibríonn Plassey Campus Centre Ltd., cuideachta gaolmhar teoranta le ráthaíocht, mar chuideachta shealbhaíochta agus riartar raon saoráidí ar campus.

Is fochuideachta ar lán-úinéireacht í Plassey Campus Developments Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd. Is í an phríomhghníomhaíocht a bhíonn aige ná ag fáil conarthaí agus ag forbairt maoine ag an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Is fochuideachtaí lán-úinéireachta iad Plassey Trust Company Ltd., agus Kilmurray Village Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd., agus is cuideachtaí iad atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as riaradh a dhéanamh ar chóiríocht I sráidbhaile na mac léinn.

Is cuideachta gaolmhar é Foundation Ollscoil Luimnigh atá teroanta ag ráthaíocht. Is iad na cuspóirí atá ag an Foundation ná, taighde agus oideachas a chur ar aghaidh go ginearálta, go háirithe taighde agus oideachas a dhéanann Ollscoil Luimnigh agus comhlachtaí oideachais, taighde agus forbartha eile, a bhfuil baint acu le hOllscoil Luimnigh agus iad sa tóir ar oideachas, teagasc agus taighde.

Is fochuideachta lán-úinéireachta í Plassey Campus Arena Ltd. de chuid Plassey Campus Centre Ltd., atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as oibríocht agus bainistiú Airéine na hOllscoile.

## NÓTA 33

## IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ba é Plassey Campus Developments Ltd. an príomhchonraitheoir a raibh baint acu le conarthaí forbartha maoine leanúnacha le €9,760,710 in iomlán sa bhliain (2009: €14,873,628) thar ceann Ollscoil Luimnigh. Tá ionadaithe ón Ollscoil mar chomhaltaí de Plassey Campus Centre Ltd.
Amhail an dáta ar an gclár comhardaithe bhí €404,518 (2009: €1,372,650) gan íoc i ndáil le hobair chonartha mar sin.

Le háisiú a dhéanamh ar fheidhmiúchán agus bhainistíocht Airéana na hOllscoile ag Plassey Campus Arena Ltd., aistríodh sciar de shócmhainn na linne 50m go dtí Plassey Campus Arena Ltd. i 2005.
Ar dháta an chláir chomhordaithe bhí €2,031,423 (2009: €2,031,423) dlite maidir leis an aistriú seo.

## NÓTA 34

## ÚSÁID FUINNIMH

Tá Ollscoil Luimnigh, atá lonnaithe ar láthair 134 heicteár, comhdhéanta de spás teagaisc agus staidéir, spás d'oifigí, áiseanna taighde, áiteanna cónaithe do mhic léinn agus áiseanna spóirt (lena n-áirítear linn snámha 50m). Téann an fuinneamh uilig a úsáidtear ar an gcampas i dtreo cumhacht a sholáthar agus na foirgnimh/áiseanna seo a théamh.

Chaith Ollscoil Luimnigh 42.5 GWh d'fhuinneamh in 2009/2010, a bhí comhdhéanta de:

- 20.9 GWh leictreachais.
- 21.6 GWh de bhreoslaí iontaise i bhfoirm gáis nádúrtha (21.5GWh) agus bulcphrópáin (0.1GWh).

**NÓTA 34**

**ÚSÁID FUINNIMH – ar lean**

**Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2009/2010**
Thóg Ollscoil Luimnigh réimse tionscadal ar láimh in 2009/2010 chun ár feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Uasghrádú ar an aeráil mheicniúil atá lonnaithe i gCéim 1A sa Phríomhfhoirgneamh a mheastar a chruthóidh sábháil 295,000 kWh in aghaidh na bliana.
- Coire díláraithe a chur isteach i dTeach Plassey, rud a dhéanfaidh an úsáid fuinnimh bhliantúil de 97,500 kWh a fhritháireamh.
- Soilse inmheánacha i gceantair theoranta sa Phríomhfhoirgneamh, i bhFoirgneamh Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt (PESS) agus i bhFoirgneamh Schrodinger agus i dtuilshoilse ar fud an champais a iarfheistiú, as a leanfaidh sábháil réamh-mheasta de 140,500 kWh in aghaidh na bliana.
- Brathadóirí áitíochta a chur isteach sna Foirgnimh PESS agus Schrodinger atáthar ag tuar a laghdóidh úsáid cumhachta 70,000 kWh in aghaidh na bliana
- Uasghrádú ar insliú agus feabhsú ar ghloiniú, rud a laghdóidh úsáid fuinnimh bhliantúil 13,000 kWh.
- Cuirfidh athsholáthar ar chalraitheoirí atá as dáta (téitheoirí uisce te don bhaile) i gCoimpléasc Aontas na Mac Léinn/na Stáblaí le laghdú 28,500kWh ar an tomhaltas bliantúil.
- Comhbhrúiteoirí sa Phríomhfhoirgneamh a chomhdhlúthú agus a uasghrádú, rud atáthar ag tuar a laghdóigh an tomhaltas bliantúil 8,500kWh in aghaidh na bliana.
- Táthar ag súil go gcruthóidh feabhsúcháin ar an gCóras Bainistithe Foirgnimh (BMS) reatha (sa Phríomhfhoirgneamh, sa Bhonn-Fhoirgneamh, i bhFoirgneamh Schuman agus i gCoimpléasc na Stáblaí) agus ar an gCóras Monatóireachta agus Spriocdhírithe Fuinnimh 20,000 kWh i sábháil fuinnimh bhliantúil.

Curtha le chéile, tá na bearta sin, i gcomhar le bearta sábhála fuinnimh eile, ag cruthú sábháil de 673,000 kWh d'Ollscoil Luimnigh gach bliain.

Chruthaigh tionscnaimh bhreise ar tugadh fúthu in 2008/2009 sábháil de 233,000 kWh in 2010.

**Gníomhartha atá Beartaithe do 2010/2011**
De bharr gur éirigh leis an Ollscoil ciste maoinithe €350,000 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a chinntiú in 2009/2010 i dtreo bhearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fiú €700,000 iad, tá sé i gceist ag an Ollscoil iarratas a dhéanamh ar an SEAI sa bhliain airgeadais 2010/2011 chun na tionscnaimh seo a leanas a mhaoiniú:

- Uasghrádú ar shoilsiú in GLISB (a mheastar a shábhálfaidh 28,000kWh in aghaidh na bliana).
- Uasghrádú ar bhrathadóirí áitíochta in GLISB (a mheastar a shábhálfaidh 4,000kWh in aghaidh na bliana).
- Athsholáthar ar an bhfeistiú solais nach ndearnadh uasghrádú air go dtí seo san Phríomhfhoirgneamh agus i bhFoirgneamh Schrodinger (a mheastar a shábhálfaidh 7,500kWh in aghaidh na bliana).
- Breathadóireacht áitíochta a shuiteáil in áiteanna nach bhfuil clúdaithe cheana féin sa Phríomhfhoirgneamh, san Fhoirgneamh PESS agus i bhFoirgneamh Schrodinger (a mheastar a laghdóidh an tomhaltas bliantúil faoi 15,000kWh).
- Insliú seomraí ranga san Fhoirgneamh PESS.
- An feistiú solais san Fhoirgneamh CS a uasghrádú go dtí soilsiú LED más féidir.
- Córas aisghabhála teasa a shuiteáil i bhFoirgneamh Schrodinger.

Anuas air sin, tá sé i gceist ag Ollscoil Luimnigh a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas in 2010/2011:

- Prionsabail Chóras Bainistithe Cáilíochta reatha na Roinne Foirgneamh agus Eastát a leathnú de réir Chlár Gnímh Bainistithe Fuinnimh an SEAI
- Úsáid BMS níos mó ar fud an champais a bhrostú trí oiliúint leathnaithe.
- Táthar ag súil go gcrúthófar sábháil bhliantúil 104,000 kWh sa chéad bhliain d'fheachtas éifeachtúlachta fuinnimh ar fud an champais a phleanáil agus a chur i gcrích, trínár gcóras

**NÓTA 34**

**ÚSÁID FUINNIMH – ar lean**

- Monatóireachta agus Spriocdhírithe a úsáid, agus go gcruthófar sábháil níos mó sna blianta ina dhiaidh sin.
- Leathadh amach an chórais Monatóireachta agus Spriocdhírithe Fuinnimh chuig aonáin agus gnólachtaí tráchtála ar an gcampas a chur i gcrích, a mheastar a chruthóidh sábháil de 30,000 kWh in aghaidh na bliana.

**NÓTA 35**

**CEADÚ RÁITIS AIRGEADAIS**

Is ar an Údarás Rialaithe atá an fhreagracht chun ráitis airgeadais na hOllscoile a fhaomhadh.

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA

Do Bhaill Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar na Ráitis Airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 22.

**Freagrachtaí na hOllscoile agus na nIniúchóirí faoi seach**

Tá an Ollscoil, mar atá rianaithe ar leathanach 3, freagrach as ullmhú na Ráiteas Airgeadais a ullmhaíodh ag teacht le Comhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna. Is é is freagracht dúinn ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin ag teacht leis na caighdeáin iniúchóireachta atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta le feidhmiú in Éirinn.

D'ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill an Choiste Feidhmiúcháin agus dóibh sin amháin mar chomhlacht ag teacht lenár gceapachán . Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn aon fhreagracht chun críche ar bith eile ná do dhuine ar bith eile dá dtaispeáintear an tuarascáil seo dó nó dá dtiocfadh sí ar lámh dó, ach má aontaímid leis sin d'aon ghnó trí réamhchead a thabhairt i scríbhinn.

Tuairiscímid duit ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais a bheith ullmhaithe go cuí ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna mar a ghlac na hOllscoileanna Éireannacha ar fad leis. Cuirimid in iúl cibé acu a fuaireamar nó nach bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo chun críche an iniúchta agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais. Tuairiscímid duit chomh maith ár dtuairim maidir leis na leabhair cuntais chearta a bheith coimeádta ag an Ollscoil.

**Bonn na Tuairime**

Dheineamar ár n-iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2010 ag teacht leis na Caighdeáin Iniúchta atá eisithe ag an mBord um Cheachtais Iniúchóireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na nochtuithe sna Ráitis Airgeadais. Cuimsíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúntais suntasacha a dhein an Ollscoil agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, agus ar an raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hOllscoile, ar cuireadh i bhfeidhm go rianúil iad agus an ndearnadh leornochtadh orthu.

Dheineamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú d'fhonn an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo a fháil d'fhonn soláthar a dhéanamh dúinn ar fhianaise le cinnteacht réasúnta go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó ráiteas neamhchruinn, cibé acu le calaois, nó ainrialtacht eile nó dearmad é. Ag teacht ar ár dtuairim dúinn, dheineamar measúnú chomh maith ar leorfhiúntas an léiriúcháin ar eolas sna Ráitis Airgeadais.

**Tuairim**

In ár dtuairimne d'ullmhaíodh Ráitis Airgeadais na hOllscoile don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2010 ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. In ár dtuairimne choimeád an Ollscoil leabhair oiriúnacha cuntais. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

**PricewaterhouseCoopers**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Luimnigh**

**3 Márta 2011**

## ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS

| | 2005/06 €'000 | % | 2006/07 €'000 | % | 2007/08 €'000 | % | 2008/09 €'000 | % | 2009/10 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coláistí agus Ranna | 52,459 | 41 | 56,938 | 41 | 60,630 | 39 | 67,741 | 40 | 65,686 | 42 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 23,375 | 18 | 24,340 | 18 | 30,725 | 20 | 31,017 | 18 | 25,472 | 16 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe Eile | 10,498 | 8 | 12,013 | 9 | 16,553 | 10 | 17,693 | 11 | 17,061 | 11 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 9,332 | 7 | 10,238 | 7 | 10,780 | 7 | 11,144 | 7 | 10,164 | 6 |
| Áitreabh | 12,197 | 10 | 12,065 | 9 | 12,972 | 8 | 12,684 | 8 | 12,755 | 8 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 10,060 | 8 | 11,273 | 8 | 12,207 | 8 | 10,449 | 6 | 10,862 | 7 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 1,708 | 1 | 1,892 | 1 | 1,784 | 1 | 1,946 | 1 | 1,935 | 1 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 2,533 | 2 | 2,844 | 2 | 3,886 | 2 | 3,955 | 2 | 3,783 | 2 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 4,331 | 4 | 5,685 | 4 | 5,876 | 4 | 9,293 | 6 | 8,994 | 6 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 1,539 | 1 | 1,881 | 1 | 1,634 | 1 | 1,487 | 1 | 1,591 | 1 |
| Iomlán | 128,032 | 100 | 139,169 | 100 | 157,047 | 100 | 167,409 | 100 | 158,303 | 100 |

Ní chuimsíonn an achoimre 5 bliana caiteachas a dhein Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál ná cuid na hOllscoile do dhíluacháil bhliantúil.